C/2024/5287

28.8.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11709 – CKI / CKA / TARGET WIND FARMS AND ASSETS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5287)

1. An 19 Lúnasa 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CK Infrastructure Holdings Limited ('CKI', Beirmiúda), faoi rialú deiridh CK Hutchison Holdings Limited (Oileáin Cayman),

— CK Asset Holdings Limited ('CKA', Oileáin Cayman),

— Eintitis atá ina gcuid de ghnó feirme gaoithe ar talamh Aviva plc (an Ríocht Aontaithe) sa Ríocht Aontaithe, is é sin Minnygap Energy Limited, Den Brook Energy Limited, Turncole Wind Farm Limited, Jacks Lane Energy Limited, Woolley Hill Electrical Energy Limited, Medium Scale Wind No.1 Limited, agus Medium Scale Wind No.2 Limited ('Target Wind Farms and Assets', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh CKI agus CKA rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Target Wind Farms and Assets.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta bhonneagair dhomhanda é CKI a bhfuil infheistíochtaí éagsúlaithe aige i mbonneagar fuinnimh, bonneagar iompair, bonneagar uisce, bainistiú dramhaíola, aisghabháil fuinnimh, bonneagar teaghlaigh agus gnólachtaí a bhaineann le bonneagar,

— Is ilchuideachta ilnáisiúnta é CKA ag a bhfuil gníomhaíochtaí gnó i bhforbairt maoine agus infheistíocht i maoin, oibriú óstán, bainistiú maoine agus tionscadal, oibriú bonneagair agus sócmhainní fóntais,

— Tá Target Wind Farms and Assets gníomhach i bhforbairt agus in oibriú tuirbíní gaoithe agus feirmeacha gaoithe aonair ar mheánscála sa Ríocht Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11709 – CKI / CKA / TARGET WIND FARMS AND ASSETS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË